CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

GA

Preasráiteas

Lucsamburg, 26 Iúil 2022

B’fhéidir nach mbainfidh REPowerEU a spriocanna amach – foláireamh ó iniúchóirí AE

D’fhéadfadh sé go mbeadh dúshláin mhóra phraiticiúla roimh REPowerEU (plean an Aontais chun an spleáchas ar bhreoslaí iontaise ón Rúis a laghdú go mear, chun éagsúlú a thabhairt isteach i soláthairtí fuinnimh ar leibhéal an Aontais agus chun dlús a chur leis an aistriú glas), a deir Cúirt Iniúchóirí na hEorpa i dTuairim uaithi a foilsíodh inniu. Go háirithe, beidh rath REPowerEU ag brath ar bhearta comhlántacha ar gach leibhéal agus ar mhaoiniú de thart ar €200 billiún a chinntiú.

I ndiaidh ionradh na Rúise ar an Úcráin, chinn an Chomhairle Eorpach gur cheart don Aontas Eorpach deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar allmhairithe gáis, ola agus guail ón Rúis, ach é sin a dhéanamh chomh luath agus is féidir. Dá thoradh sin, chuir an Coimisiún Eorpach plean i láthair ar a dtugtar REPowerEU. Tá sé mar aidhm leis an bplean sin athléimneacht a mhéadú i gcóras fuinnimh an Aontais trí spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus trí sholáthairtí fuinnimh a éagsúlú ar leibhéal an Aontais. Déanfar an cuspóir sin a chur chun feidhme tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF): déanfar bearta chun tacú leis an gcuspóir seo a chur isteach i gcaibidlí de na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a bheidh dírithe go sonrach ar REPowerEU.

“*Tharraing ionradh na Rúise ar an Úcráin aird an phobail ar ár spleáchas ar allmhairí gáis, ola agus guail, agus ní raibh aon dul as ag an Aontas ach gníomhú agus freagairt go mear don imní mhéadaithe faoi shlándáil fuinnimh*,” arsa Ivana Maletić, an Comhalta den Chúirt Iniúchóirí atá freagrach as an Tuairim. “*Ach is é ár dtuairim go bhféadfadh sé nach mbeidh REPowerEU, faoi mar atá sé leagtha amach faoi láthair, in ann tionscadail straitéiseacha Eorpacha le tionchar láithreach agus an tionchar is airde ar shlándáil agus neamhspleáchas fuinnimh san Aontas a shainaithint agus a chur chun feidhme.*”

Cé go dtugtar forléargas cuimsitheach ar an gcomhthéacs agus ar na príomhdhúshláin sa togra, tá aird á tarraingt ag na hiniúchóirí ar roinnt neamhréireachtaí atá ag baint le dearadh REPowerEU. Cé gurb é an cuspóir atá le REPowerEU ná díriú isteach ar an Aontas ina iomláine, tá RRF á chur chun feidhme trí bhearta atá á moladh ag na Ballstáit. Cothaíonn sé sin rioscaí ó thaobh dul i ngleic ar bhonn straitéiseach le dúshláin a thiocfaidh chun cinn, agus d’fhéadfadh sé gurb é an

Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na Tuairime ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an Tuairim iomlán ar fáil ag eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg
E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

toradh a bheadh air sin ná nach mbeadh tionscadail a bhfuil tábhacht straitéiseach don Aontas leo á maoiniú trí REPowerEU, a deir na hiniúchóirí.

Is é €210 billiún an meastachán atá déanta ag an gCoimisiún do na hinfheistíochtaí breise a bheidh ag teastáil le haghaidh REPowerEU – agus ar bhonn níos praiticiúla chun deireadh a chur de réir a chéile, agus faoi 2027, ar allmhairiú breoslaí iontaise ón Rúis. Níl ach €20 billiún curtha ar fáil sa mhaoiniú breise iomlán, áfach. Níl aon smacht ag an gCoimisiún ar na foinsí maoinithe eile, agus táthar ag brath ar thoilteanas na mBallstát úsáid a bhaint as aon iasachtaí RRF atá fágtha nó cistí a aistriú ó bheartais eile de chuid an Aontais, go háirithe ó "Chomhtháthú" agus ó "Fhorbairt Tuaithe". Dá thoradh sin, tá foláireamh á thabhairt ag iniúchóirí an Aontais go bhféadfadh sé nach leor an méid cistithe atá curtha ar fáil go hiarbhír chun na riachtanais infheistíochta atá measta a chlúdach.

Dar leis na hiniúchóirí, tá fadhbanna freisin ag roinnt leis an gcaoi a bhfuil sé beartaithe cistí a dháileadh chuig Ballstáit. Ós rud é go ndéanfaí cistí a dháileadh go cionmhar bunaithe ar na cistí a úsáideadh ar dtús do RRF, ní bheidís ina léiriú ar dhúshláin agus cuspóirí reatha REPowerEU ná ar riachtanais shonracha na mBallstát. Ós rud é nach ann d'aon sprioc-am sonrach chun caibidlí REPowerEU a chur isteach, laghdaíonn sé an dóchúlacht go mbeidh tionscadail trasteorann á sainaithint agus á gcur chun cinn. Tá easpa anailíse comparáidí ag cur teorainn leis an léargas straitéiseach ar cad iad na tionscadail is fearr a d'fhéadfadh rannchuidiú le slándáil agus neamhspleáchas fuinnimh an Aontais.

Sa Tuairim seo ón gCúirt Iniúchóirí, tarraingíonn na hiniúchóirí aird ar roinnt laigí eile a dhéanann difear do REPowerEU, lena n-áirítear i réimsí an tuairiscithe, an fhaireacháin agus na meastóireachtaí, chomh maith le laigí a bheith i gceist leis an bpróiseas a bhaineann le caibidlí REPowerEU a chur isteach agus a mheasúnú.

Faisnéis chúlra

An 18 Bealtaine 2022, chuir an Coimisiún Eorpach plean i láthair ar a dtugtar REPowerEU. Is éard atá ann ná treochlár a leagann amach bealach chun córas fuinnimh níos athléimní a bhaint amach agus Aontas Fuinnimh a bheidh ann go fíor. Dhéanfaí an méid sin trí dheireadh a chur le spleáchas ar bhreoslaí iontaise, trí sholáthairtí fuinnimh a éagsúlú ar leibhéal an Aontais agus trí dhlús a chur leis an aistriú ionsar fhuinneamh glan. Tá na bearta in REPowerEU ceaptha freagairt do na huaillmhianta sin ar na bealaí seo a leanas: coigiltis fuinnimh; éagsúlú sna soláthairtí fuinnimh; dlús a chur le leathadh amach an fhuinnimh in-athnuaite le teacht in ionad breoslaí iontaise i dtithe, sa tionsclaíocht agus i nginiúint cumhachta; agus fuinneamh glan a tháirgeadh.

Tá sé mar aidhm ag an Tuairim a foilsíodh inniu measúnú a thabhairt ar dhearadh foriomlán REPowerEU, ar a leormhaithe atá na leasuithe atá molta agus ar an riosca d'fhéadfadh a bheith ann ó thaobh cur chun feidhme de.

Tá Tuairim Uimh. 05/2022 ar fáil i mBéarla ar shuíomh gréasáin na Cúirte Iniúchóirí; beidh leaganacha i dteangacha eile an Aontais ar fáil go luath.

Teagmháil don phreas

Preasoifig Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: press@eca.europa.eu

- Vincent Bourgeais: vincent.bourgeais@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 551 502
- Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 621 552 224
- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 553 547